Coimisiún na Scrúduithe Stáit

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA, 2007**

# EALAÍN

## Stair agus Léirthuiscint na hEalaíne

### Ardleibhéal

Tá 150 marc ag gabháil leis an bpáipéar seo i.e. 37.5% de na marcanna iomlána ar Ealaín.

**Déardaoin, 14 Meitheamh - Tráthnóna, 2.00 - 4.30**

**Treoracha**

Freagair **trí** cheist mar seo a leanas: ceist amháin as Roinn I (An Ealaín in Éirinn), ceist amháin as Roinn II (Ealaín na hEorpa 1000 AD – go dtí an Lá Inniu), agus ceist amháin as Roinn III (Léirthuiscint na hEalaíne).

Tá na ceisteanna uile ar aon mharc (50).

Is cóir sceitsí agus léaráidí a úsáid pé áit is féidir chun do chuid pointí a léiriú.

Déan tagairt do na ***léaráidí atá ar an mbileog leis an bpáipéar seo*** mar is gá.

# ROINN 1 – An Ealaín in Éirinn

**1.** Samplaí de mhiotalóireacht réamh-Chríostaí iad an dá shampla de sheodra muiníl ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.***
Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé ar an dá shampla. Déan tagairt don tréimhse ina ndearnadh iad, do na hábhair, don fhoirm, don mhaisiúchán agus do na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh
**agus**
mínigh cad a thuigeann tú leis an téarma La Tène.
*Léirigh do fhreagra.*

**2.** Déan cur síos agus plé ar Phaiteana Dhoire na bhFlann agus ar Bhachall an Leasa Mhóir ***atá léirithe ar an mbileog leis seo.*** Bíodh tagairt i do fhreagra do na hábhair, don fhoirm, don mhaisiúchán, agus mínigh na teicníochtaí a úsáideadh chun iad a tháirgeadh
**agus**
mínigh feidhm na n-earraí seo agus déan comparáid eatarthu.
*Léirigh do fhreagra.*

**3.** Ba shaintréith den ailtireacht Rómhánúil Éireannach é an maisiúchán snoite. Déan plé ar an ráiteas seo agus tú ag tagairt ***don léaráid ar an mbileog leis seo***
**agus**
ainmnigh agus déan cur síos agus plé achomair ar shampla amháin eile den ailtireacht Rómhánúil Éireannach.
*Léirigh do fhreagra.*

**4.** Táthar den tuairim go bhfuil an Casino i Marino, ar dhear William Chambers (1723-1796) é, ar na samplaí is fearr den ailtireacht Sheoirseach Éireannach. Déan cur síos agus plé ar fheidhm, ar dhearadh, ar ghnéithe ailtireachta seachtracha agus ar mhaisiúchán inmheánach an fhoirgnimh seo
**agus**
déan comparáid idir é agus foirgneamh Seoirseach ainmnithe eile a ndearna tú staidéar air.
*Léirigh do fhreagra.*

**5.** Is léir, ar shaothar Jack B. Yeats (1871-1957), an tábhacht a bhain le himeachtaí spóirt i saol mhuintir na gceantar uirbeach agus na tuaithe araon.
Pléigh an ráiteas seo maidir leis an bpictiúr ealaíne ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, agus tú ag tagairt d'ábhar, do chumadóireacht, do stíl agus do dhath
**agus**
ainmnigh agus pléigh go hachomair pictiúr amháin eile le Jack B. Yeats.
*Léirigh do fhreagra.*

**6.** Déan comparáid agus contrárthacht mhion idir 'Bás Chúchulainn' le hOliver Sheppard (1865-1941) agus 'Clann Lir' le hOisín Kelly (1915-1921) ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***.
Bíodh tagairt i do fhreagra don ábhar, don chumadóireacht, don stíl agus do na bunábhair a úsáideadh
**agus**
pléigh go hachomair siombalachas na bpíosaí dealbhóireachta seo atá bunaithe ar fhinscéalta Éireannacha.
*Léirigh do fhreagra.*

7. Déan cur síos agus plé ar shaothar duine amháin díobh seo a leanas:
Ealaíontóirí - Pauline Bewick, Charles Harper, Martin Gale
Ailtirí – Sam Stephenson, Michael Scott, Desmond Fitzgerald
Dearthóirí – Eileen Gray, Marc O'Neill, Paul Costello
**agus**
pléigh saothar ainmnithe amháin de chuid do rogha ealaíontóir/ailtire/dearthóir agus bíodh tagairt shonrach agat don chumadóireacht/dearadh, agus d'ábhair/méan, stíl agus cáilíoctaí físiúla.
*Léirigh do fhreagra.*

## Roinn II - Ealaín na hEorpa (1000 AD – go dtí an Lá Inniu)

**8.** Bhí feidhmeanna maisiúcháin agus insinte ag baint le dealbhóireacht Rómhánúil.
Pléigh an ráiteas seo maidir le dhá shampla ainmnithe de dhealbhóireacht Rómhánúil a ndearna tú staidéar orthu. Bíodh béim ar an gcaoi ar láimhseáladh an fhíor dhaonna i do fhreagra
**agus**
ainmnigh eaglais Rómhánúil a ndearna tú staidéar uirthi agus pléigh go hachomair an gaol idir a cuid ailtireachta agus a cuid dealbhóireachta.
*Léirigh do fhreagra.*

**9.** Déan cur síos agus plé ar *Les Très Riches Heures du Duc de Berry* leis na deartháireacha Limbourg ***atá léirithe ar an mbileog leis seo*****,** agus tú ag tagairt don stíl, don chumadóireacht don fheidhm agus don tréimhse inar cruthaíodh é
**agus**
ainmnigh agus déan cur síos agus plé achomair ar phictiúr ealaíne amháin eile ón tréimhse seo.
*Léirigh do fhreagra.*

**10.** Déan cur síos agus plé ar shaothar Donatello (1386-1466) agus tú ag tagairt do dhá shaothar ainmnithe, ar a laghad, dá chuid
**agus**
rianaigh na mórfhorbairtí a rinne sé ar an dealbhóireacht le linn an Renaissance luath.
*Léirigh do fhreagra.*

**11.** Déan cur síos agus plé ar *Scoil na hAithine* le Raphael (1483-1520), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo,*** agus tú ag tagairt don téama, don chumadóireacht, agus don gcaoi ar láimhseáil sé spás agus an fhíor dhaonna
**agus**
ainmnigh agus déan cur síos agus plé achomair ar shaothar amháin eile le Raphael nó ar shaothar le healaíontóir eile de chuid an Ard-Renaissance.
*Léirigh do fhreagra.*

**12.** Déan cur síos agus plé ar *An Luascán* le Fragonard (1732 – 1806), ***atá léirithe ar an mbileog leis seo***, agus tú ag tagairt don téama, don chumadóireacht, don stíl, agus don leas a bhain sé as solas, scáth agus dath
**agus**
rianaigh na príomhthréithe a bhain le peintéireacht ar an stíl Rococo.
*Léirigh do fhreagra.*

**13.** Freagair (a), (b) agus (c)

(a) Roghnaigh agus ainmnigh saothar a luíonn le ceann amháin de na catagóirí seo a leanas:

- Pictiúr ealaíne a bhfuil gléas ceoil ann
- Foirgneamh de chuid an Renaissance
- Pictiúr ealaíne a léiríonn teicníocht *Pointillisme*
- Saothar le Marcel Duchamp
- Saothar dealbhóireachta le Henry Moore.

(b) Déan plé mion ar an saothar atá roghnaithe agat, agus tú ag tagairt do stíl, do chumadóireacht/dearadh, do theicníocht, don ealaíontóir/dearthóir agus don tréimhse ina ndearnadh é.

(c) Ainmnigh, agus déan cur síos agus plé achomair ar shampla amháin eile sa chatagóir chéanna nó ar an dara saothar leis an ealaíontóir/dearthóir atá roghnaithe agat.
*Léirigh do fhreagra.*

**14.** Bhí tionchar tábhachtach ar ealaín an 20ú hAois ag Cézanne, Gauguin agus Van Gogh, a dtagraítear dóibh go minic mar iar-Impriseanaithe. Pléigh tionchar na n-ealaíontóirí seo ar fhorbairtí na nua-ealaíne agus tú ag tagairt do shaothar amháin, ar a laghad, le gach ealaíontóir díobh.
*Léirigh do fhreagra.*

**15.** Ealaín bunaithe ar an tsamhlaíocht agus ar bhrionglóidí ba ea an Osréalachas. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do dhá phictiúr ealaíne ainmnithe ar bith a léiríonn an stíl Osréalach go paiteanta
**agus**
tabhair cuntas achomair ar an ngluaiseacht Osréalach.
*Léirigh do fhreagra.*

# Roinn III – Léirthuiscint na hEalaíne

**16.** Freagair (a) agus (b)

(a) Ainmnigh gailearaí ar thug tú cuairt air le déanaí agus pléigh, go mion, dhá shaothar a chuaigh i bhfeidhm ort.

(b) Dá dtairgeofaí roinnt saothar as an taispeántas seo a thabhairt ar iasacht don scoil agat, luaigh suíomh oiriúnach chun iad a chur ar taispeáint ann, agus pléigh an leagan amach, an soilsiú agus aon deiseanna eile a d'úsáidfeá chun cur leis an taispeántas.

*Léirigh do fhreagra.*

**17.** Déanann leabhar a foilsíodh le déanaí dar teideal *100 Everyday Marvels of Design,* ceiliúradh ar shamplaí den dearadh sármhaith. Roghnaigh trí ghnáthearra laethúla ar chóir, dar leat, iad a chur i leabhar dá leithéid agus luaigh fáthanna le do roghanna. Bíodh plé, i do fhreagra, ar an oiriúnacht maidir le dearadh, feidhm, foirm, ábhair agus stíl.

*Léirigh do fhreagra.*

**18.** Roghnaigh agus ainmnigh pictiúr ealaíne as do chúrsa stair ealaíne Éireannach nó Eorpach a bheadh, dar leat, oiriúnach mar inspioráid do phóstaer chun ionad áiseanna nó ionad folláine agus spá a fhógairt. Luaigh fáthanna le roghnú do phictiúir

**agus**

pléigh na gnéithe dearaidh ábhartha dá leithéid de phóstaer.

*Léirigh do fhreagra.*

**19.** Is féidir mórán aghaidheanna siopaí a athdhearadh nó a athchruthú. Cuireann sé seo go suntasach le foirgnimh agus feabhsaíonn sé go mór cuma agus tarraingteacht iomlán ár mbailte agus ár sráidbhailte. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt ***don léaráid atá ar an mbileog leis seo***

**agus**

rianaigh na smaointe agus na gnéithe eile a chuirfeadh feabhas ar an aghaidh siopa seo.

*Léirigh do fhreagra.*

**20.** Is féidir go dtugann cur i láthair beo amharclainne spreagadh físiúil, agus dearadh seit, soilsiú, feistis, smidiú, aisteoirí agus fuaim san áireamh ann. Pléigh an ráiteas seo agus tú ag tagairt do chur i láthair amharclainne ar fhreastail tú air le déanaí

**agus**

déan dearadh a mholadh do radharc de do rogha as dráma a ndearna tú staidéar air don Ardteistiméireacht.

*Léirigh do fhreagra.*

**LEATHANACH BÁN**

# LEATHANACH BÁN

**LEATHANACH BÁN**